RV Tom Crean

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhád nua Fhoras na Mara. An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

in honour of
achievement
courage
bravery, hardiness
glorious age of exploration
stronger, more seaworthy
the seabed
herring and mackerel stock
a matter of pride
fitted

An bhfuil focal eile agat atá comhchiallach leis an bhfocal ***bád***?



Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, déan féin agus an duine in aice leat cur síos ar an méid atá ar eolas agaibh faoi Tom Crean. Déan taighde ar an idirlíon más gá!

Ceist 3 Anois, féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Conas a dhéanfá cur síos ar an árthach nua?
2. Cén fáth ar ainmníodh an bád nua 'Tom Crean', dar leat?
3. Cad a bheidh ar siúl ag an mbád nua nuair a thiocfaidh sé go dtí uiscí na hÉireann?
4. Cad a cheapann muintir Abhainn an Scáil faoi ainm an bháid?
5. Cá bhfuil an t-árthach faoi láthair agus cathain a bheidh sé in Éirinn?

Ceist 4 ‘faoi Lúnasa’

Scríobh amach míonna na bliana, leis an ainmfhocal ‘mí’ agus an réamhfhocal simplí ‘de’ rompu, mar atá déanta sa sampla:

de mhí Eanáir

___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____
___ _____ _____

Cén uair a bhíonn do lá breithe ann?
Scríobh amach an dáta i bhfocail, mar shampla:

Rugadh mé ar an seachtú lá is fiche de mhí an Mheithimh

Cuir an cheist sin ar gach duine sa rang anois.

Ceist 5 ‘…ba dheacra…’ agus ‘ba sceirdiúla…’

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist sna samplaí thuas?
2. Cuir na samplaí seo a leanas san aimsir chaite (nó modh coinníollach) anois:

   - is fearr
   - is cliste
   - is deise
   - is faide
   - is áille

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:



1. Conas a cuireadh síos ar Tom Crean sa mhír?
2. Cad iad na tréithe pearsanta is coitianta a úsáidtear chun cur síos ar dhaoine? Déan liosta.
3. Déan cur síos anois:
   - ort féin
   - ar do chara is fearr
   - ar dhuine mór le rá a bhfuil ardmheas agat orthu

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

in honour of – *in ómós do*
achievement – *gaisce*
courage – *misneach*
bravery, hardiness – *crógacht*
glorious age of exploration – *ré ghlórmhar na taiscéalaíochta*
stronger, more seaworthy – *níos acmhainní*
the seabed – *grinneall na farraige*
herring and mackerel stock – *stoc scadán agus stoc maicréal*
a matter of pride – *cúis mhórtais*
fitted – *feistithe*

**long, árthach*

Ceist 2

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

de mhí Eanáir
de mhí Feabhra
de mhí an Mhárta
de mhí Aibreáin
de mhí na Bealtaine
de mhí an Mheithimh
de mhí Iúil
de mhí Lúnasa
de mhí Mheán Fómhair
de mhí Dheireadh Fómhair
de mhí na Samhna
de mhí na Nollag

Ceist 5

1. Sárchéim na haidiachta san aimsir chaite (nó sa mhodh coinníollach)
2. Cuir na samplaí seo a leanas san aimsir chaite (nó modh coinníollach) anois:

    - ab fhearr
    - ba chliste
    - ba dheise
    - ab fhaide
    - ab áille

Ceist 6

Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán. Seo thíos liosta de thréithe pearsanta áirithe:

Flaithiúil, ionraic, dearfach, diúltach, sotalach, suarach, féinmhuiníneach, leithleach, cineálta, deisbhéalach, ceanndána, dílis, réchúiseach, goilliúnach.

Siún Nic Gearailt
Tá long nua thaighde le hainmniú in ómós don laoch Antartach, Tom Crean. 25 milliún euro a chosnóidh bád nua Fhoras na Mara. Tá fáilte mhór curtha roimh an scéal i gCorca Dhuibhne, ceantar dúchais Tom Crean.

Seán Mac an tSíthigh
Gaisce, misneach agus crógacht a luaitear le Tom Crean agus an tionchar a bhí ag fear Abhainn an Scáil ar ré ghlórmhar na taiscéalaíochta Antartaí. Tá macalla na staire le brath ar ainmneacha na long, leithéidí *Discovery*, *Terra Nova* agus *Endurance*. Ach anois tá ainm Crean féin le bualadh ar árthach nua. Is í seo an *RV Tom Crean*, árthach taighde nua Fhoras na Mara. 52 méadar ar a fhad, ar chostas 25 milliún euro agus í ag teacht in áit an *Celtic Voyager*, atá i mbun a ceirde le trí bliana fichead anois.

Aodhán Mac Gearailt, Bainisteoir Tionscnaimh, Foras na Mara
Beidh sé níos mó ná an seanbhád, an *Celtic Voyager*. Beidh sé níos acmhainní is dócha. Beidh sé ag déanamh mapáil ar ghrinneall na farraige, mar chuid den INFOMAR *Project*; suirbhé ar stoc scadán agus stoc maicréal; tamall ag déanamh muireolaíochta agus ag obair ar na baoithe[1] aimsire timpeall ar an gcósta. Agus, beidh sé ábalta daltaí muireolaíochta a thógáil amach chun traenáil.

Seán Mac an tSíthigh
Cúis mhórtais dá phobal féin, ainm an bháid nua.

Seán Ó hAiniféin, Abhainn an Scáil
Aitheantas oifigiúil nó aitheantas tíre tugtha dó faoi dheireadh. Rinne sé an-ghaisce céad bliain ó shin, agus tá muintir na háite fíorbhuíoch agus fíorshásta go bhfuil an t-aitheantas sin tugtha dó faoi dheireadh.

Lorcán Ó Cinnéide, Coiste Maoirseachta, Foras na Mara
Tá an teicneolaíocht is fearr chun cinn sa domhan ann, go mbeidh, déarfaimid, taighde eolaíochta mara idirnáisiúnta á dhéanamh. Is dócha go luíonn sé - an t-ainm, le tréithe an fhir, go bhfuil sí ainmnithe ina dhiaidh. Fear cróga, misniúil a chuaigh go dtí na háiteanna ba dheacra agus ba sceirdiúla sa domhan.

Seán Mac an tSíthigh
Tá an t-árthach nua á thógáil faoi láthair i gclos bád i Vigo na Spáinne agus súil í a bheith críochnaithe faoi Lúnasa na bliana seo. Tá Foras na Mara dóchasach go mbeidh sí feistithe agus an Tom Crean le feiscint[2] ar na farraigí arda anseo againn faoi shamhradh 2022.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Abhainn an Scáil, Corca Dhuibhne.

[1] *buantaí* a dúradh
[2] *feiceáil* an leagan caighdeánach